www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Uimhir Iarrthóra | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2017–2018

# Eolaíocht: Teastas Singil

Aonad 2 (Ceimic)
Ardsraith

GSS22

## [GSS22]

## DÉARDAOIN 9 SAMHAIN 2017, MAIDIN

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **3** agus **10**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, sa scrúdpháipéar seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

www.xtrapapers.com



**1** Déantar na hidreacarbóin in amhola a dheighilt ina gcodáin dhifriúla le driogadh codánach. Taispeánann an tábla thíos roinnt de na hairíonna atá ag na codáin seo.

| **Codán** | **Líon adaimh charbóin i slabhra** | **Raon fiuchphointí /°C** | **Staid ag teocht an tseomra** | **Éascaíocht adhainte** |
|---|---|---|---|---|
| gás scaglainne | 1 – 4 | –160 go 20 | gás | ↑ |
| peitreal | 5 – 9 | 20 go 70 | leacht | |
| nafta | 6 – 11 | 70 go 120 | leacht | |
| pairifín | 11 – 18 | 120 go 170 | leacht | |
| ola dhíosail | 16 – 20 | 170 go 230 | leacht | |
| ola bhreosla | 21 – 70 | 230 go 350 | leacht | |
| biotúman | níos mó ná 70 | os cionn 350 | solad | |

**(a)** Luaigh treocht **amháin** a thaispeántar leis an fhaisnéis seo.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Faisnéis ón tábla in úsáid agat, mínigh cad chuige a bhfuil peitreal fóirsteanach le húsáid mar bhreosla.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Mínigh an dóigh a ndéantar na codáin in amhola a dheighilt le driogadh codánach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**2** **(a)** Taispeánann an tábla thíos roinnt faisnéise faoi na dúile atá le fáil i bPeiriad 2 den Tábla Pheiriadach.

| **Ainm na dúile** | Litiam | Beirilliam | Bórón | Carbón | Nítrigin | Ocsaigin | Fluairín | Neon |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Siombail** | Li | Be | B | C | N | O | F | Ne |
| **Uimhir adamhach** | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| **Maisuimhir** | 7 | 9 | 11 | 12 | 14 | 16 | 19 | 20 |
| **Leá-phointe/°C** | 180 | 1287 | 2076 | 3500 | –210 | –219 | –220 | –249 |
| **Fiuch-phointe/°C** | 1342 | 2970 | 3927 | 4827 | –196 | –183 | –188 | –246 |
| **Carachtar miotalach** | Miotal | Miotal | Leath-mhiotal | Neamh-mhiotal | Neamh-mhiotal | Neamh-mhiotal | Neamh-mhiotal | Neamh-mhiotal |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Bain úsáid as an fhaisnéis seo agus do chuid eolais leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Ainmnigh an dúil ar halaigin í.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an dúil a bhfuil trí leictreon sa sceall sheachtrach aici.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an **miotal** leis an fhiuchphointe is ísle.

_______________________________________________ [1]

**(iv)** Cuir síos ar an treocht i gcarachtar miotalach trasna Pheiriad 2.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Is miotal imoibríoch é litiam.

**(i)** Imoibríonn litiam le fluairín leis an chomhdhúil fluairíd litiam a fhoirmiú. Cad é an fhoirmle atá ag fluairíd litiam?

Ciorclaigh an freagra ceart.

**$Li_2F$**      **$LiF_2$**      **LiF**

[1]

**(ii)** Imoibríonn litiam le huisce fosta. Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú seo.

litiam + uisce → [ ] + hidrigin [1]

**(iii)** Seachas boilgeoga gás hidrigine a fheiceáil, luaigh breathnú **amháin** eile a dhéanfá nuair a imoibríonn litiam le huisce.

______________________________________________________________

____________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 Le cuidiú le coireanna a réiteach, déanann eolaithe fóiréinseacha méarloirg a fhaightear ag láthair choire a thógáil agus a anailísiú.




© arfo / iStock / Thinkstock

Mínigh ina iomláine cad chuige a bhfuil méarloirg chomh tábhachtach in imscrúduithe láithreacha coire.

Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra:

- an t-ainm atá ar chineál amháin de mhéarlorg
- an dóigh a bhfaightear méarloirg ó dhromchlaí a bhfuil dathanna difriúla orthu
- an fáth a bhfuil méarloirg úsáideach maidir le coireanna a réiteach

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Tógadh an grianghraf thíos ar chamchuairt ar Uaimheanna na hÁirse Marmair i gContae Fhear Manach ar ceantar uisce crua é.



© Northern Ireland Tourist Board

**(a)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an uisce a ól i gceantar uisce crua.

1. ____________________________________________

2. ____________________________________________ [2]

**(b)** Rinne dalta imscrúdú ar chruas samplaí difriúla uisce. Taispeántar na torthaí thíos.

| Sampla | Toirt tuaslagán gallúnaí atá de dhíth le sobal a fhoirmiú roimh fhiuchadh/$cm^3$ | Toirt tuaslagán gallúnaí atá de dhíth le sobal a fhoirmiú i ndiaidh fiuchadh/$cm^3$ |
|---|---|---|
| **A** | 2 | 2 |
| **B** | 16 | 7 |
| **C** | 18 | 2 |
| **D** | 24 | 2 |
| **E** | 22 | 22 |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

(i) Cé acu dhá shampla (**A**, **B**, **C**, **D** nó **E**) **nach** raibh **ach** cruas sealadach iontu?

________________ agus ________________ [1]

(ii) Cé acu sampla uisce (**A**, **B**, **C**, **D** nó **E**) ba chrua?

________________________________ [1]

(iii) Cé acu sampla (**A**, **B**, **C**, **D** nó **E**) a raibh cruas sealadach agus cruas buan araon ann?

________________________________ [1]

**(c)** Tarlaíonn dianscaoileadh teirmeach d'uisce crua sealadach le 'coirt' i gcitil a fhoirmiú.

(i) Cad é a chiallaíonn an téarma dianscaoileadh teirmeach?

________________________________

________________________________ [2]

(ii) Luaigh an t-ainm ceimiceach ar 'choirt' i gcitil.

________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

5 Tá gnólacht iontach rathúil ag Anne, Robert agus Jack a dhéanann raicéid leadóige den chéad scoth. Anseo thíos, taispeántar an comhrá a bhí acu agus iad ag déanamh réidh le raicéad nua ilchodach carbóin a sheoladh. Rinneadh raicéid de ghnáth as adhmad.




*© anyaberkut / iStock / Thinkstock*

**(a)** Bain úsáid as an fhaisnéis seo lena mhíniú cad chuige a mbaineann cuid mhór imreoirí gairmiúla leadóige úsáid as raicéid ilchodacha charbóin.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Luaigh fáth **amháin** ar féidir go gceannódh tuismitheoirí raicéad adhmaid go fóill don pháiste acu.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Baintear úsáid as hidrigincharbónáit sóidiam i mbácáil cácaí.



© George Doyle/ Stockbyte / Thinkstock

**(i)** Scaoileann hidrigincharbónáit sóidiam dé-ocsaíd charbóin le linn bácáil cácaí.
Cothromaigh an chothromóid siombailí thíos don imoibriú seo.

$$NaHCO_3 \rightarrow Na_2CO_3 + H_2O + CO_2$$

[1]

**(ii)** Luaigh fáth **amháin** a bhfuil sé tábhachtach go dtáirgtear dé-ocsaíd charbóin le linn bácáil cácaí.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Cuingríonn hidrigincharbónáit sóidiam fosta le haigéad citreach agus siúcra i dtáirgeadh seirbite i milseáin.

**(i)** Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú idir aigéad citreach agus hidrigincharbónáit sóidiam.

hidrigincharbónáit sóidiam + aigéad citreach → [ ] + [ ] + dé-ocsaíd charbóin

[2]


**(ii)** Ainmnigh an tuaslagán a úsáidtear le tástáil a dhéanamh do dhé-ocsaíd charbóin.

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

7 (a) Taispeánann an léaráid thíos trasghearradh de screamh an Domhain. Léiríonn na saigheada gluaiseacht plátaí teicteonacha.




© Dorling Kindersley/ Thinkstock

Tá gluaiseacht plátaí teicteonacha freagrach as cuid mhór de ghnéithe an Domhain.

**(i)** Ainmnigh na gnéithe atá táirgthe ag gluaiseacht plátaí teicteonacha ag limistéir **A** agus **B** sa léaráid thuas, leis an tábla thíos a chomhlánú. [2]

| Limistéar | Gné |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | Creathanna talún |

**(ii)** Mínigh ina iomláine an dóigh a dtarlaíonn crith talún.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Tá smaointe éagsúla ann maidir le haois an Domhain. Mhol fear áitiúil ó Ard Mhacha ceann amháin acu a bhí bunaithe ar Leabhar Gheineasas.

**(i)** Ainmnigh an duine a d'oibrigh amach aois an Domhain bunaithe ar Leabhar Gheineasas.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Cad é an aois a ríomh sé don Domhan?

______________________________________________ [1]

**(iii)** Cuir síos ar an dóigh ar úsáid sé Leabhar Gheineasas leis an aois seo a ríomh.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

**8** Taispeánann an tábla thíos roinnt faisnéise faoi mhiotail éagsúla.

| Miotal | Neart Coibhneasta | Leá-phointe/ºC | Dlús/ g/cm$^3$ | Seoltacht leictreach choibhneasta | Costas coibhneasta |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| Iarann | iontach ard | 1535 | 7.9 | 1.0 | íseal |
| Ór | íseal | 1065 | 19.3 | 4.3 | iontach ard |
| Alúmanam | meánach | 659 | 2.7 | 3.7 | meánach |
| Copar | meánach | 1083 | 8.9 | 5.8 | ard |
| Luaidhe | iontach íseal | 327 | 11.3 | 0.5 | íseal |
| Airgead | íseal | 961 | 10.5 | 6.1 | iontach ard |

Bain úsáid as an fhaisnéis sa tábla leis na ceisteanna thíos a fhreagairt.

**(a)** Baintear úsáid as cáblaí lasnairde le leictreachas a iompar fud fad na tíre. Cé acu miotal ab fhearr le húsáid don fheidhm seo?
Mínigh do rogha ina hiomláine.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [3]

**(b)** Baintear úsáid as iarann go minic i dtógáil droichead.
Luaigh airí amháin **nach** bhfuil tábhachtach agus iarann á úsáid don fheidhm seo. Mínigh do rogha.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Baintear úsáid as cáithníní nanaimhéide de dhé-ocsaíd tíotáiniam agus ocsaíd since sna huachtair chosanta ar an ghrian is déanaí. Tá siad neamhchosúil le huachtair ghréine san am a chuaigh thart sa mhéid go dtugann siad cosaint ar an ghrian cé go bhfuil siad dofheicthe ar an chraiceann.

**(i)** Cad é an mhéid atá i nanacháithnín?

______________________________ [1]

**(ii)** Mínigh an buntáiste a bhaineann le cáithníní nanaimhéide a úsáid in uachtair ghréine.

______________________________

______________________________ [1]

**(iii)** Luaigh úsáid **amháin** do cháithníní nanaimhéide airgid.

______________________________ [1]

**(d)** Cuirtear síos ar ghrúpa eile d'ábhair nuafhorbartha mar ábhair chliste.

**(i)** Mínigh ina iomláine cad é a chiallaíonn an téarma 'ábhar cliste'.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh **cineál** amháin d'ábhar cliste a athraíonn dath.

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** Is comhdhúil a úsáidtear sa chócaráil é salann tábla (clóiríd sóidiam).

**(a)** Mínigh cad é a chiallaíonn an téarma comhdhúil.

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [2]


**(b)** Comhlánaigh na habairtí thíos.
Is féidir go mbeidh do Bhileog Sonraí ina cuidiú agat.

**(i)** Tá sóidiam i nGrúpa ______________ den Tábla Pheiriadach. [1]

**(ii)** Tá clóirín i bPeiriad ______________ den Tábla Pheiriadach. [1]

**(c)** Anseo thíos tugtar na struchtúir leictreonacha do shóidiam agus clóirín.




Mínigh ina iomláine, i dtéarmaí leictreon, an dóigh a mbeidh comhdhúil á foirmiú ag sóidiam agus clóirín.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Is féidir le sóidiam imoibriú le fluairín fosta le fluairíd sóidiam (NaF) a tháirgeadh.

- is féidir sóidiam a léiriú mar $^{23}_{11}Na$
- is féidir fluairín a léiriú mar $^{19}_{9}F$

**(d)** Ríomh an líon **iomlán** de phrótóin, leictreoin agus neodróin atá á léiriú ag an fhoirmle NaF.

Prótóin ____________________

Leictreoin ____________________

Neodróin ____________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** Taispeánann an grianghraf thíos múinteoir ag léiriú dó maignéisiam.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Cuir síos ar an méid a bhreathnóidh na daltaí, agus ainmnigh an cineál d'imoibriú agus an táirge a fhoirmítear. Seachas spéaclaí sábháilteachta a chaitheamh, luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a ghlacadh.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [6]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**11** Is meascán de hidreacarbóin í amhola.

**(a)** Cad é a chiallaíonn an téarma hidreacarbón?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(b)** Tarraing an fhoirmle struchtúrach ag própán ($C_3H_8$) agus taispeáin na naisc cheimiceacha uilig.

[1]

**(c)** Ainmnigh fine (sraith homalógach) na hidreacarbón lena mbaineann própán.

______________________________________________________________ [1]

**(d)** Scríobh an chothromóid **chothromaithe siombailí** do dhó própáin.

______________________________________________________________ [3]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

## SIOMBAILÍ D'IAIN ROGHNAITHE

### Iain Dheimhneacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Amóiniam | $NH_4^+$ |
| Cróimiam(III) | $Cr^{3+}$ |
| Copar(II) | $Cu^{2+}$ |
| Iarann(II) | $Fe^{2+}$ |
| Iarann(III) | $Fe^{3+}$ |
| Luaidhe(II) | $Pb^{2+}$ |
| Airgead | $Ag^+$ |
| Sinc | $Zn^{2+}$ |

### Iain Dhiúltacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Carbónáit | $CO_3^{2-}$ |
| Déchrómáit | $Cr_2O_7^{2-}$ |
| Eatánóáit | $CH_3COO^-$ |
| Hidrigincharbónáit | $HCO_3^-$ |
| Hiodrocsaíd | $OH^-$ |
| Meatanóáit | $HCOO^-$ |
| Níotráit | $NO_3^-$ |
| Sulfáit | $SO_4^{2-}$ |
| Suilfít | $SO_3^{2-}$ |

## INTUASLAGTHACHT SALANN COITEANN, HIODROCSAÍDÍ AGUS OCSAÍDÍ IN UISCE FUAR

| Intuaslagtha |
|---|
| Na salainn uilig de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| Na níotráití uilig |
| An chuid is mó de na clóirídí, bróimídí agus iaidídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na clóirídí, na bróimídí agus na hiaidídí d'airgead agus de luaidhe |
| An chuid is mó de na sulfáití<br>ACH CÉ IS MOITE DE shulfáití luaidhe agus bhairiam<br>Tá sulfáit chailciam intuaslagtha ach sa bheagán |

| Dothuaslagtha |
|---|
| An chuid is mó de na carbónáití<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na carbónáití de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hiodrocsaídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na hiodrocsaídí de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hocsaídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na hocsaídí de shóidiam, potaisiam agus cailciam a imoibríonn le huisce |

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
+44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

8313.02

www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

# BILEOG SONRAÍ

Lena húsáid ag iarrthóirí atá ag dul do:
Eolaíocht: Ceimic,
Eolaíocht: Teastas Dúbailte
nó Eolaíocht: Teastas Singil

**Caithfidh cóipeanna a bheith saor ó nótaí nó ó rudaí breise de chineál ar bith. Ní cheadaítear aon chineál ar bith de leabhrán sonraí nó de leathán faisnéise lena n-úsáid sna scrúduithe.**


| Ábhar | Leathanach |
|---|---|
| Tábla Peiriadach na nDúl | 2-3 |
| Siombailí d'Iain Roghnaithe | 4 |
| Intuaslagthacht Salann Coiteann | 4 |


# gcse eolaíocht

## ceimic
## teastas dúbailte
## teastas singil

www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

# TÁBLA PEIRIADACH NA nDÚL

## Grúpa

1 H Hidrigin 1

| 1 | 2 | | | | | | | | | | | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 0 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | | | | | | | 4 He Héiliam 2 |
| 7 Li Litiam 3 | 9 Be Beirilliam 4 | | | | | | | | | | | 11 B Bórón 5 | 12 C Carbón 6 | 14 N Nítrigin 7 | 16 O Ocsaigin 8 | 19 F Fluairín 9 | 20 Ne Neon 10 |
| 23 Na Sóidiam 11 | 24 Mg Maignéisiam 12 | | | | | | | | | | | 27 Al Alúmanam 13 | 28 Si Sileacan 14 | 31 P Fosfar 15 | 32 S Sulfar 16 | 35.5 Cl Clóirín 17 | 40 Ar Argón 18 |
| 39 K Potaisiam 19 | 40 Ca Cailciam 20 | 45 Sc Scaindiam 21 | 48 Ti Tíotáiniam 22 | 51 V Vanaidiam 23 | 52 Cr Cróimiam 24 | 55 Mn Mangainéis 25 | 56 Fe Iarann 26 | 59 Co Cóbalt 27 | 59 Ni Nicil 28 | 64 Cu Copar 29 | 65 Zn Sinc 30 | 70 Ga Gailliam 31 | 73 Ge Gearmáiniam 32 | 75 As Arsanaic 33 | 79 Se Seiléiniam 34 | 80 Br Bróimín 35 | 84 Kr Crioptón 36 |
| 85 Rb Rubaidiam 37 | 88 Sr Strointiam 38 | 89 Y Itriam 39 | 91 Zr Siorcóiniam 40 | 93 Nb Niaibiam 41 | 96 Mo Molaibdéiniam 42 | 99 Tc Teicnéitiam 43 | 101 Ru Ruitéiniam 44 | 103 Rh Róidiam 45 | 106 Pd Pallaidiam 46 | 108 Ag Airgead 47 | 112 Cd Caidmiam 48 | 115 In Indiam 49 | 119 Sn Stán 50 | 122 Sb Antamón 51 | 128 Te Teallúiriam 52 | 127 I Iaidín 53 | 131 Xe Xeanón 54 |
| 133 Cs Caesium 55 | 137 Ba Bairiam 56 | 139 La* Lantanam 57 | 178 Hf Haifniam 72 | 181 Ta Tantalam 73 | 184 W Tungstan 74 | 186 Re Reiniam 75 | 190 Os Oismiam 76 | 192 Ir Iridiam 77 | 195 Pt Platanam 78 | 197 Au Ór 79 | 201 Hg Mearcair 80 | 204 Tl Tailiam 81 | 207 Pb Luaidhe 82 | 209 Bi Biosmat 83 | 210 Po Polóiniam 84 | 210 At Astaitín 85 | 222 Rn Radón 86 |
| 223 Fr Frainciam 87 | 226 Ra Raidiam 88 | 227 Ac† Achtainiam 89 | 261 Rf Rutarfoirdiam 104 | 262 Db Dúibniam 105 | 263 Sg Seaboirgiam 106 | 262 Bh Boiriam 107 | 265 Hs Haisiam 108 | 266 Mt Meitniriam 109 | 269 Ds Darmstaidiam 110 | 272 Rg Unúiniliam 111 | 285 Cn Únúinbiam 112 | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 140 Ce Ceiriam 58 | 141 Pr Praiséidmiam 59 | 144 Nd Neoidimiam 60 | 147 Pm Próiméitiam 61 | 150 Sm Samairiam 62 | 152 Eu Eoraipiam 63 | 157 Gd Gadailiam 64 | 159 Tb Teirbiam 65 | 162 Dy Diospróisiam 66 | 165 Ho Hoilmiam 67 | 167 Er Eirbiam 68 | 169 Tm Túiliam 69 | 173 Yb Itéirbiam 70 | 175 Lu Lúitéitiam 71 |
| 232 Th Tóiriam 90 | 231 Pa Prótactainiam 91 | 238 U Úráiniam 92 | 237 Np Neiptiúiniam 93 | 242 Pu Plútóiniam 94 | 243 Am Ameiriciam 95 | 247 Cm Cúiriam 96 | 245 Bk Beircéiliam 97 | 251 Cf Calafoirniam 98 | 254 Es Éinstéiniam 99 | 253 Fm Feirmiam 100 | 256 Md Meindiléiviam 101 | 254 No Nóbailiam 102 | 257 Lr Láirinciam 103 |

* 58 – 71 Na Lantanóidigh
† 90 – 103 Na hAchtanóidigh

$^{a}_{b}x$

a = mais adamhach choibhneasta (neasluach)
x = siombail adamhach
b = uimhir adamhach